# Gaeltacht Mhúscraí

## Aibreán 2025





Comharchumann Forbartha Mhúscraí
Údarás na Gaeltachta
Gaeltacht na hÉireann
Plean Teanga Mhúscraí
gteic @Béal Átha an Ghaorthaidh
Grá Mhúscraí

# Bun Scoileanna Mhúscraí

**Tá síol chiste ar fáil do gach bunscoil i nGaeltacht Mhúscraí.ó Phlean Teanga Mhúscraí**

Tá an- obair ar mbun ag na bun scoileanna uilig agus tá an tacú maoinithe seo ann chun níos mó imeachtaí trí Ghaoluinn a chur ar fáil lasmuigh don gnáth siollabas scoile.

**Beidh blaiseadh de na tograí ilgneitheach atá i mbun ag na scoileanna le feiscint sna leathnaigh seo a leanas eile.**











**Sé Scoil Réidh na nDoirí scoil beag ach an-ghníomhach! Cuireann siad ana cuid imeachtaí ar siúl dos na leanaí chun an Ghaolainn a chur chun cinn i slí taithneamhach agus éifeachtach.**

Tá siad go léir an -eolach agus buartha faoin tábhtacht a bhaineann leis an timpeallacht a choiméad glan is slachthmhar!





Tá sé le feiceáil gur breá leo páirt a ghlacadh san amharánaíochta traidisiúnta i sceim Aisling Gheal

Seo iad ag prapáil don Cháisc agus bfhéidir toraíocht na n'ubh Cásca



# Rowen le Graffiti



Tháinig an ghrúpa Drámaíochta agus Puipéid ar chamchuairt go dtí Múscraí. Ag cuir oideachas agus an Gaeilge chun cnn sna scoileanna. Bhí ana spórt agus idir ghníomh agus comhrá Gaeilge idir Rowen agus na leanaí. Bhain gach éinne ana sult as na seisiúin gleoite seo.



# Scoil Lachtaín Naofa












# Scoil Lachtaín Naofa
# Cill na Martra



## Gaelgóirí agus Buateoirí na seachtaine

Tá an scoil seo ana gnínomhach i gcúrsaí ceoil traidisiúna. Is mór an chabhair an scoil do Craobh Comhaltal Ceolteoirí Lachtaín Naofa. Tugann siad go leor duaiseanna abhaile go Chill na Martra ós na comórtaisí áitiúla agus Náisiúnta





Scoil Ábán Naofa

BAILE MHÚIRNE





# Áine Ní Glynn údar Leabhair do páistí óga, ar chamchuairt scoileanna Mhúscraí






Chur sí go mór le samhalaíocht agus scileanna léitheoireachta agus scríobhnóireachta na scoláirí scoile. agus gan amhras bhí seans ag na páistí a cuid scileanna péinteireachta a chur chun cinn lei freisin.
Bígí airdealach Élaíontóirí Mhúscraí tá talann ag óige Mhúscraí chomh maith!!







Tá Scoil Fhionnbarra i mBéal Átha an Ghaorthaidh i nGaeltacht Mhúscraí fíor-nuálaíoch agus chun tosaigh ó thaobh oideachais de, agus tá siad ag spreagadh agus ag tacú lena ndaltaí i ngach gné dá gcuid foghlama. Go háirithe, tá siad thar a bheith cliste ó thaobh cur chun cinn na Gaeilge de.

Tháinig siad ar smaoineamh iontach fichille a imirt trí mheán na Gaeilge. D’imir siad cluichí fichille i gcoinne scoileanna eile sa cheantar agus bhí bua mór acu le déanaí in aghaidh Ghaelscoil Bheanntraí



"Tréaslamíd  an dhá fhoireann fichille a ghlac páirt sa chomórtas fichille i nGaelscoil Bheannraí. Ár gcéad uair a bheith páirteach ina leithéid!"



Ag Dianmhachnamh



# Scoil Chúil Aodha  Barr d'Inse

Is scoil bheag Ghaeltachta í Scoil Chúil Aodha atá lonnaithe i gcroílár Mhúscraí, áit a bhfuil an traidisiún beo beathach agus fíor-luachmhar. Le blianta fada anuas, tá na healaíona dúchasacha — go háirithe an drámaíocht, an t-amhránaíocht ar an sean-nós, agus an ceol traidisiúnta — á gcothú agus á gcur chun cinn sa scoil seo le grá agus le díograis. Tá féith na healaíne fite fuaite le spiorad na scoile, agus cuirtear ard-luach ar chruthaitheacht agus ar oidhreacht chultúrtha na háite. Déantar cinnte go mbíonn deis ag gach páiste a scil agus a tallann a fhorbairt sna healaíona traidisiúnta, rud a chuireann go mór lena bhféiniúlacht agus lena bhfás pearsanta.







Cuir Scoil Chuil Aodha Barr d'Inse sinn faoi gheasa leis an dráma nua-scríte **Díoltas na Sí.**





Comhghairdeas le **Aisteoirí Óga Chúil Aodha** as a dtaispeántas álainn ag an bhFéile Náisiúnta Drámaíochta i Maigh Chromtha le déanaí Bhronn uachtaran an Oireachtais, Éamon Ó Cuiv, cuimhneacháin speissssialta orthu.





**Páistí faoi gheas ag an seo puipéid cuirtha i láthair ag an 'Graffiti Theatre Company dos na bunranganna**





Údarás na Gaeltachta

Comharchumann Forbartha Mhúscraí

Plean Teanga Mhúscraí

Iúil
Campa A 14-18
Campa B 21-25

# Campa
# CHÚIL AODHA

Campa A- Aois 6-12
09.30-14.30
Campa B- Aois 6-12
09.30-14.30



- ✓ Ealaín
- ✓ Spórt
- ✓ Ceol
- ✓ Spraoi agus cluichí

## Teagmáil

Billy Ó hEalaithe-
(085) 7407091



## Praghas

Páiste amháin → €60

Beirt pháistí → €100

Triúr páistí + → €130

# Club Óige an tSuláin + Club Óige Bhéal Átha an Ghaorthaidh



Turas leis an dá chlub le chéile chuig  Brú na Dromada i gCiarraí.

Tá suas go 130 ball idir an dá chlub, agus tá siad ag dul ó neart go neart.

The two clubs joined together for a trip to the Kerry Gaeltacht of  Uibh Ráthaigh. The  leaders, parents, and young people and are all fantastic.



Chas siad le Séaghan, 'the Kerry Cowboy'.

They met Séaghan Ó Suilleabháin for a short hike.



Bhí siad  ag féachaint ar na réaltaí ag Kerry Dark Sky Reserve




Bhí dhá ócáid do-creidte i halla pobail i gCill na Martra le cúpla seachtain anuas. An chéad cheann ná 'Féile an tSulain a cuireadh ar bhun le fís an irisheora áitiuil Pet Uí Chonaill. Thainig leanaí agus daoine fásta ó chian is ó chongar don fheile. Le linn na bhfeile bhí lá ar leith ann don aos óg





Chuir Cór Chill na Martra taispeántas thar a bheith gairmiúil ar stáitse, faoi stiúir a gceannródaí fuinniúil, an cumadóir agus maistreas an chóir, Gobnait Ní Chonchúir. Oíche lán ceoil, cumais agus croí a bhí ann, ach ba iad na haíonna speisialta a thug an oíche sin go leibhéal eile ar fad — Caoimhe agus Séamus Uí Fhlartha, an bheirt siblíní le bua na tallainne, a chuir draíocht ina nglórtha féin.
Le cabhair ó cheoltóirí maithe, cumasacha ó Scoil Cheoil Chorcaí, cuireadh seó i láthair a bhain barr feabhais amach. D'fhágadar an lucht féachana faoi dhraíocht lena gceol, lena gcuideachta, agus lena gcruthaitheacht gan sárú. Oíche den chéad scoth a bhí ann — lán le ceol, le spiorad, agus le fíorbhród cultúrtha





# RANGANNA &
# CIORCAIL COMHRÁ

Tagaigí chun
ár gcruinnithe Gaelach gach seachtain chun comhrá a dheanamh i nGaeilge. Cioca an tosaitheoir nó saineolaí sa Ghaolainn thú, beidh fáilte roimh chách chun an Ghaeilge a chleachtadh i dtimpeallacht shimplí agus cháirdiúil. Bí páirteach, caith am le daoine, agus bain sult as an gcraic! Ní gá duit ach ríomhphost a sheoladh chun Eibhlín Ní Lionáird ag
**opt@muscrai.org & Plean Teanga Mhúscraí Facebook & Instagram**

## An Ciorcal Comhrá sa Mhuileann



## Sa siopa Leabhair 'An Gadaí Dubh'



## Gaeilge le Rachel sa Mhuileann






# RANGANNA
## (CRÍOCHNAITHE ANOIS)




### i gCúil Aodha








### i mBaile Mhúirne











# Cáirde agus cuairteoirí ag comhrá

Tháinig cuairteoirí i mbun comhrá linn i rith Mhárta is Aibreáin, agus an Ciorcal Comhrá faoi bhláth.
An chéad grúpa a tháinig, b'iad lucht an chúrsa Gaolainne a bhí á reáchtáil ag Jane Ní Luasa as Ghuagán Barra.
Múineann sí daoine ó gach aird is áit — ó cheann ceann na cruinne — ar líne de ghnáth,
Ach tagann siad go Ghuagán lena a cuid gaelachas a shaibhriú is a bheathú i gcroí lár na Gaeltachta, i gcúrsa tumtha ar feadh seachtaine.
Agus mar chuid den eachtra, thugadar aghaidh ar Bhaile Mhúirne,
Ag triall ar Scrín Naomh Gobnait, is ar ár gCiorcal Comhrá ar an lá úd.
Bhí aoibhneas an domhain orainn ar fad —
Spraoi, spórt is ceol, le blaisín amhránaíochta agus plé domhain ó chroí.
Labhraíomar, gháireamar, is roinneamar scéalta agus smaointe mar a bheadh sean-chairde ann.
Líon an seomra le binneas na Gaolainne agus le teann leasa, bhí an Ciorcal beo beathach.
Your paragraph text





Tháinig Grúpa Gaelgóirí ó **Baile Fhearman i mBaile Áha an Chliath** go dtí an Muileann i mBaile Mhuirne ar feadh na deireadh seachtaine chun saibhreas is cultúr Mhúscraí a bhlaiseadh agus a shealbhú



**Bhí an spórt acu ag spastóireacht...**




**Agus ag ligint a scíth le go leor craic is comhrá gan tráchtfiú ar an seisiún amharánaíochta a bhí againn le cheile.**



# LÁ FHÉILE PÁDRAIG

Béal Átha an Ghaorthaidh



**Fís Lá le Pádraig 2025** Great pics on You tube







# FÓGRAÍ

Ranganna Snáimh & Tarrthála 2025

Linn Snámha Conchúbhar Ó Laoghaire, Cúil Aodha

7ú Iúil & 4ú Lúnasa

Facebook: Linn Snámha Chúil Aodha



Ta ReLove péint ar fáil i gCorcaigh. Má tá spéis ag grúpaí pobail, is féidir linn socrú a dhéanamh chun é a bhailiú.

This paint is available in Co Cork. If interest, we could organise a bullk delivery.








Scéim ag Comhairle Contae Chorcaí

# FÓGRAÍ




**OFRÁIL**
**PAS 10 LÁ**
**MAY SPECIAL**
**10 DAY PASS**

15e per day, 10 day pass 100e








# FOGRAÍ

JANE NÍ LUASA
GAEILGE LE JANE

**Cúrsa an tsamhraidh / Summer course**

**Lán / Full - Send me an email to join the waiting list!**

**3 lá:** 20-22 mí an Mheithimh • 20-22 June

Intermediate level (A2/B1)

**Cúrsa an fhómhair / Autumn course**

**Dhá spás ar fáil - 2 spaces available**

**5 lá:** 27-31 mí Dheireadh Fómhair • 27th - 31st October 2025

Advanced beginner (A1/A2)

**Gougane Barra Hotel, Gougane Barra, County Cork, Ireland**

(accommodation is available onsite)

---

COLÁISTE NA MUMHAN

Cúrsa A

9ú - 23úMeitheamh

colaistenamumhan.ie

## Deiseanna Fostaíochta

**Ag obair le Coláiste na Mumhan**

[illegible]

Tá Coláiste na Mumhan ag lorg na poistanna seo:

- [illegible]
- Múinteoirí
- Ceannairí
- [illegible]

**Cuir iarratas isteach má tá...:**

- ✓ [illegible]
- ✓ [illegible]
- ✓ [illegible]
- ✓ [illegible]
- ✓ [illegible]

**Más spéis leat an deis iontach seo, inis dúinn do spéis agus seol do CV chuig**

Colaistenamumhan@gmail.com

**Bí linn i mbliana agus bí mar chuid de theaghlach Choláiste na Mumhan!**

# FOGRAÍ

## 29ú Aibreán 2025

Tigh Uí Mhurchú
Cill na Martra
8.00- 9.30

Comharchumann Forbartha Mhúscraí

## CRUINNIÚ CINN BLIANA

Gaeltacht Mhúscraí

## PLEAN GNÍOMHAÍOCHTA ATHBHREITHNIÚ #2

**Cad atá déanta?**
**What's done?**

**Uasdátú**
**Update**

**Moladh nua?**
**New proposal?**




**Leagfaidh tua beag crann mór**

*It's possible to achieve big things with small deeds*

# TAR AG OBAIR LINN

Comharchumann Forbartha Mhúscraí

Plean Teanga Mhúscraí

# RÚNAÍ OIFIGE

Oibríonn Comharchumann Forbartha Mhúscraí i gcomhar le pobal na háite chun Gaeltacht Mhúscraí a chur chun cinn. Táimid freagrach as feidhmiú Phlean Teanga Mhúscraí, agus cláracha eile, ina measc; Gteic Bhéal Átha an Ghaorthaidh, Turasóireacht Chultúrtha, Múscraí Glas.

Táimid ag lorg Rúnaí Oifige páirtaimseartha, ag tacú leis an bPlean Teanga go háirithe.
Beidh an post lonnaithe sa Gteic i mBéal Átha an Ghaorthaidh.



**Príomhdhualgais an phoist:**

- Obair riaracháin na hoifige a bhainistiú
- Plé le fiosruithe ón bpobal
- Riaradh a dhéanamh ar scéimeanna an Phlean Teanga
- Tacaíocht a thabhairt d'fhoireann an Chomharchumainn

Seol CV / Lorg tuilleadh eolais
**eolas@muscrai.org**

Údarás na Gaeltachta

S20 STRAITÉIS 20 BLIAIN DON GHAEILGE 2010-2030
Ár dTeanga, Ár bPobal

gteic






# FOGRAÍ










## SCORAÍOCHT OSCAILTE
## 3Ú BEALTAINE




le Paddy Ó Tuama

**Ceol, amhránaíocht, scéalaíocht**

Fáilte roimh chách

# NA MBAILTE SLACHTMHARA

Bíonn obair na gcapall ar súil ag na coistí . Tabhair cúnamh dóíbh más féidir leat. Busy time of the year for all the Tidy Towns Groups, support them if you can.




Cecily Ní Loinsigh, Peggy Bean Uí Shuibhne agus Fionnbarra Ó Duinnín ag glacadh bonn cré umha san óstán Talbot i mBaile an Choiligh le déanaí.




Cumann na mBailte Slachtmhara Baile Mhúirne



Comhartha nua thuas ag Tobar Lachtain Naofa Galánta

Glanadh Mór i gCúil Aodha 26ú Aibreán & bhí Glanadh Mór i gCill na Martta






Féile na bhFéiltí
i Múscraí
A feast of festivals
in Múscraí

Gaeltacht Mhúscraí

AIBREÁN
23 - 26




## CRUINNIÚ NA BHFLIÚIT

Is féile bhliantiuil é cruinniú na bhfluit ag ceiliúradh an fheadóg mhór agus gach rud a bhaineann leis. Lonnaithe i mBaile Mhúirne i gcroí lar na Gaeltachta Mhúscraí. Le ranganna, ceadail, léachtaí agus seisiuin ceoil..

**flutemeet.org**

BEALTAINE
18



## BIA ÁR mBEATHA

*the food we live by*

Siúlóide Feirme, na scéalta atá ionainn , *the stories we live by*, & Taispeantás cócaireachta Barr a Chuma - Taispeantás cócaireachta- uaineoil orgánach, le chef Diarmuid Ó Mathúna.

**eolas@muscrai.org**

MEITHEAMH
7-8



## AN CINCÍS

Féile deireadh seachtaine athbheochana na Cincíse i mBaile Mhúirne. Beidh míreanna spóirt, aeríochta, filíocht agus spriodálta le linn an dhá lá i mBaile Mhúirne.

**opt@muscrai.org**

Tuilleadh eolais gaeltachtmhuscrai.ie

# Gaeltacht Mhúscraí

MEITHEAMH
7




## DÁIMHSCOIL MHÚSCRAÍ UÍ FHLOINN

Beidh Dáimhscoil Mhúscraí ag reachtáil turas chun ceiliúradh a dhéanamh ar fhilí Mhúscraí ó bunaíodh sinn i 1925.

**daimhscoil.ie**

IÚIL
20



## TAISPEÁNTAS BAILE MHÚIRNE/CÚIL AODHA

Beidh Taispeántas Baile Mhúirne/Cúil Aodha ar siúl i mBaile Mhúirne

**FB ballyvourney coolea**

31
IÚIL
3
LÚNASA

féile na Laoch

## FEILE NA LAOCH

**le chéile chun ath-nuachaint an náisiún**

Féile oll-mhór Idirnáisiúnta, uileghnéitheach, idir-ealaíona, a reachtáiltear gach seachtú bliain.

**feilenalaoch.com**

**Tuilleadh eolais** **gaeltachtmhuscrai.ie**

Gaeltacht Mhúscraí

MÉAN FÓMHAIR 12-14




## FÉILE SIÚLOIDÍ

Féile siúlóide, siúlóidí teoraithe dátheangach, ceol, oidhreacht, na bailte fearainn, blaiseadh bídh áitiúil.

**eolas@muscrai.org**

SAMHAIN




## CILL NA MARTRA

Margadh na Nollag
Beidh Dríocht na Nollag i gCill na Martra
Daidí na Nollag ag teacht, Margadh taobh amuigh, Comórtais, hurly gurlies

**FB nuacht chíll na martra**

SAMHAIN

## ÉIGSE DHAIRMUID

Ceol, Léachtaí, Ranganna, Ceardlanna, Siúlóidí, Seisiún cheoil, Coirmcheoil

**eigse.ie**

**Tuilleadh eolais** gaeltachtmhuscrai.ie

Gaeltacht Mhúscraí

# IONAD CULTÚRTHA AN DOCHTÚIR Ó LOINGSIGH

lárnach i saol chultúrtha Ghaeltacht Mhúscraí



Regular programme of events throughout the year.

Is é aidhm Ionad Cultúrtha na healaíona d'ardchaighdeán a chur cinn agus suim na h-ealaíona a mhúscailt i measc an phobail.

**ionadculturtha.ie**




**Tuilleadh eolais** **gaeltachtmhuscrai.ie**

Mhúscraí

Údarás na Gaeltachta

Gaeltacht Mhúscraí

# Scéim Soisialta Tuaithe

An bhfuil tréaduimhir agat?

An bhfuil tú ag fáil íocaíocht leasa shóisialaigh?

Do you have a herd number?

Are you receiving social welfare payments?



Would you be interested in working part-time ? If you are not interested, it is possible for a near relative to take your place. on the scheme.

Baile Mhúirne/
Baile Mhic Íre
Cúil Aodha
Réidh na nDoirí
Cill na Martra
Béal Átha an Ghaorthaidh

An bhfuil suim agat bheith ar scéim páirt-aimseartha ? Mura bhfuil suim agat féin, is féidir le daoine atá gaolta leat teacht ar an scéim i d'áit.

Déan Téagmháil le:
Cian Ó Ceallacháin
087 1653765

# IONAD LAE, BAILE MHÚIRNE & CUAN BARRA, BÉAL ÁTHA AN GHAORTHAIDH

## Ionad Lae



- Do you know that Ionad Lae is open for Lunch and activities afterwards on Wednesdays and Fridays each week?
- Would you like to come to Ionad Lae for your lunch and activities?
- Would you like to travel on our free bus service to Ionad Lae?
- Our bus driver can stop at the Post Office, shop or chemist on the way home to collect your pension, shopping or anything you may need.

For more information phone us on

026-45559.



- An bhfuil a fhios agat go mbíonn Ionad Lae oscailte don lón agus imeachtaí ar an gCéadaoin agus ar an Aoine gach seachtain?
- Ar mhaith leat teacht go dtí an Ionad Lae le haghaidh do lón agus gníomhaíochtaí?
- Ar mhaith leat taisteal ar ár seirbhís bus saor in aisce go dtí Ionad Lae?
- Féadfaidh ár dtiománaí bus stopadh ag Oifig an Phoist, an siopa nó ag poitigéir ar an mbealach abhaile chun do phinsean, do shiopadóireacht nó aon rud a d'fhéadfadh a bheith uait a bhailiú.

Le haghaidh tuilleadh eolais cuir glaoch orainn ar

026 45559

## Cuan Barra



**Bíonn dinnéar gach Luan agus Aoine (seachas saoire bainc) agus béilí ar rothaí chomh maith.**

**Dinners ar available every Monday and Friday (except bank hols). They also provide meals on wheels**

**Déan teagmháil leo ar: 026 47777**

Comharchumann Forbartha Mhúscraí

Tá an nuachtlitir curtha le chéile ag Comharchumann Forbartha Mhúscraí.
'Sé an aidhm atá againn ná blaiseadh a thabhairt ar chuid den obair atá déanta, agus ar siúl, i nGaeltacht Mhúscraí.

Comharchumann Forbartha Mhúscraí prepared this newsletter. The aim is to provide a sample of some of the great work that is going on, and planned within Gaeltacht Mhúscraí .

Comharchumann Forbartha Mhúscraí & GTeic
Gteic, Páirc Ghnó Bhéal Átha an Ghaorthaidh
Maighchromtha, Co. Chorcaí P12 PX22

083 191 5432
eolas@muscrai.org
www.muscrai.org

ComharchumannMhuscrai

Gteic Béal Átha 'n Ghaorthaidh

Plean Teanga Múscraí

Gaeltacht Mhúscraí

Plean Teanga Mhúscraí

Grá Mhúscraí

Gaeltacht Mhúscraí

Údarás na Gaeltachta

gteic @BÉAL ÁTHA AN GHAORTHAIDH

S20 STRAITÉIS 20 BLIAIN DON GHAEILGE 2010-2030 Ár dTeanga, Ár bPobal

Comhairle Contae Chorcaí
Cork County Council